AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

Téama
Bileog do dhaltaí. Is scéal é seo faoi eolaí agus a chuid oibre ó lá go lá.

Cuspóirí
Léargas a thabhairt do dhaltaí faoin obair a bhíonn ar bun ag eolaithe agus b'fhéidir dúshlán a thabhairt do thuairimí míchruinne a bhíonn ann fúthu.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Eolaíocht agus an t-imshaol, aitheantas a thabhairt don méid a dhéanann eolaithe don tsochaí

Gaeilge - Ag cothú spéise, ag tuiscint teanga

Scileanna
Ag léamh chun eolas a fháil, ag ceistiú

Am
15-30 nóiméad

Ag Obair leis an bhFiadhúlra

LÁ INA SAOL

Tionscnamh chun an tIolar a athbhunú

Lorcan O'Toole is ainm dom. Is mise atá mar bhainisteoir ar an Tionscnamh chun an tIolar a athbhunú, arb é an aidhm atá leis iolair fhíréin a thabhairt ar ais go hÉirinn. Bhíodh cónaí ar na héin chreiche sin anseo fadó ach chuaigh siad i léig. Leis an tionscnamh tugtar iolair fhíréin as Albain go dtí iarthuaisceart na hÉireann le súil agus go bhfanfaidh siad ansin agus go mbeidh iolair óga acu. Níl ach sé speiceas d'éin chreiche a bhíonn ag síolrú in Éirinn, an líon is lú san Eoraip. Le linn an ochtú, an naoú agus an fichiú aois, ní raibh an t-iolar mara, an t-ospróg, an t-iolar fíréan, an cúr rua, an cromán móna ná an spioróg mhór le fáil in Éirinn níos mó. Tharla sé sin mar gheall go raibh dochar á dhéanamh do na héin agus bhí a gcuid gnáthóg á scriosadh.

Tháinig an smaoineamh maidir leis an tionscnamh i 1989, agus tá go leor pleanála agus feabhsúcháin imshaoil eile déanta ó shin. Léiríonn taighde go bhfuil dóthain bia sa cheantar le haghaidh na n-iolar. B'éigean don tionscnamh freastal ar 53 treoirlínte athbhunaithe nó rialacha le ceadúnas a fháil le hiolair fhiáine a thabhairt as Albain go hÉirinn.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

leanúint →

Dhá iolar i nead in Albain

Déanann éin chreiche iarracht síolrú gar don nead ina rugadh iad. Is minic le héin a thugtar ar ais chuig áit neadacha a thógáil gar don áit ar scaoileadh amach iad agus uibheacha a bheith acu ansin.

Ag tosú i Meitheamh 2001 bhogamar 25 iolar fíréan fiáin óg ó neadacha in Albain go Dún na nGall. Ag an am bhí na hilrín, a bhí thart ar 5-6 seachtaine d'aois, in ann iad féin a bheathú agus a dteocht coirp féin a chothabháil. Aistríodh go tapa iad agus cuireadh isteach i gcliabháin iad a bhí deartha go speisialta. Tá ardáin neada shaorga agus péirsí sna cliabháin. Déanaimid iarracht na cliabháin agus an t-aistriú a choinneáil chomh nádúrtha agus is féidir.

Iolar sula scaoiltear amach é

Tugaimid coiníní marbha agus préacháin le hithe do na hiolair trí haiste, agus muid ag clúdach ár gcuid lámha le muinchille speisialta. Tá sé an-tábhachtach nach mbíonn aon teagmháil ag na hiolair fíréan óga le daoine, díreach mar a bhíonn san fhiántas. Nuair a scaoiltear amach na hiolair, fágtar feoil (ablach) amuigh dóibh sna chéad mhíonna. Cuirtear clibe sciatháin phlaisteach ar sciathán gach éin le go n-aithneofar iad, agus cuirtear tarachuradóir raidió i bhfostú ar gach éan. Tugann sé sin comhartha uaidh ionas go mbeimid in ann súil a choinneáil ar na héin agus iad ag fánaíocht.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

leanúint →

Iolar le clib air sula scaoiltear saor é i nDún na nGall

Le linn an chéad gheimhridh nó earraigh caillltear roinnt de na héin óga, díreach mar a tharlaíonn san fhiántas. Tosaíonn iolair fíréan ag síolrú, agus bíonn ál acu, agus iad thart ar 4-5 bliana d'aois. Lena chinntiú go mbíonn dóthain éan againn le hál nua a bhunú, caithfimid an líon éan a chaillfear sula sroicheann siad aois síolraithe a ghlacadh san áireamh.

D'fhéadfadh 7-10 gcúpla iolar fíréan a bheith i gCo. Dhún na nGall, d'fhéadfadh 22-30 cúpla a bheith in iarthuaisceart na hÉireann (Gaillimh go Dún na nGall) agus d'fhéadfadh 50-100 cúpla a bheith in Éirinn de réir a chéile. Labhraimid le feirmeoirí áitiúla, le turasóirí agus le muintir na háite le hinsint dóibh faoin tionscnamh.

Lorcan ag coinneáil súil ar na hiolair atá scaoilte amach.

Is féidir leat dul chun cinn na n-iolar a fheiceáil ag www.goldeneagle.ie, áit a bhfuil ionad eolais a thairgíonn ábhair oideachais do scoileanna.

Táimid dóchasach go gcuirfidh an tionscnamh seo le feasacht maidir le caomhnú in Éirinn. Creidimid nach hamháin go mbeidh speiceas iontach againn arís de bharr an iolair fhíréin a thabhairt ar ais ach go gcuirfear freisin le caomhnú éin chreiche as Éirinn agus ár dtalamh ard chun cinn.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

leanúint →

Tearmann Dúlra Oileán an Tairbh Thuaidh

Pat Corrigan is ainm dom. Oibrím do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar bhainisteoir ar Thearmann Dúlra Oileán an Tairbh Thuaidh, oileán gainmheach ar an taobh ó thuaidh de Bhá Bhaile Átha Cliath. Nuair a tógadh Balla an Tairbh Thuaidh thart ar 200 bliain ó shin i gcuan Bhaile Átha Cliath, tháinig an gaineamh isteach leis an bhfarraige, is gearr gur thosaigh barra gainimh ag fás agus tá oileán ann anois. Tá an oileán thart ar 5km ar fhad agus 1km ar leithead.

Tá gnáthóga éagsúla ar an oileán, lena n-áirítear dumhcha gainimh, riasc le huisce na farraige, riasc fionnuisce, réileán láibe agus trá. Soláthraíonn gach gnáthóg baile agus bia d'ainmhithe agus do phlandaí éagsúla. Tagann os cionn 40,000 lacha, gé agus éan lapaire chuig an oileán ó thíortha níos fuaire chun an geimhreadh a chaitheamh anseo. Fanann an cadhan a thagann anseo ón ionad pórúcháin i gCeanada Artach agus sa Ghraonlainn ó Samhain go Bealtaine..

Is tearmann dúlra é an t-oileán mar gheall ar an daonra ard éan a bhíonn ar an oileán. Teastaíonn áit shábháilte ó na héin chun ithe agus maireachtáil agus mar sin is áit chosanta é an t-oileán. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon chead ag daoine cur isteach ar na hainmhithe nó ar na plandaí ina n-imshaol féin nó dochar a dhéanamh dóibh. Is é an post atá agamsa ná a chinntiú go mbíonn imshaol an oileáin cosanta agus sábháilte do gach cuairteoir, fiú do dhaoine daonna!

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

leanúint →

Déantar obair chaomhnaithe chun an t-imshaol a chosaint. Mar shampla, cuirtear muiríneach chun nach bhfaighidh an ghaoth réidh leis na dumhcha gainimh agus nach scriosfaidh daoine a bhíonn ag siúl orthu iad. Bíonn na fréamhacha ar nós eangach chun an gaineamh a choimead san áit

Thóg mise an bosca neadaithe seo le cabhair ó ghrúpa scoile a tháinig ar cuairt chun ionad neadaithe a sholáthar don phocaire gaoithe, éan creiche a bhíonn ag seilg ar an oileán. Tógaim boscaí do sciatháin leathair freisin agus cuirim suas iad ar fud an oileáin agus soláthraíonn siad ionaid do na sciatháin leathair

Tá go leor rudaí spéisiúla ar an oileán, lena n-áirítear an chnámh seo ó dheilf a tháinig isteach ar an trá

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

leanúint →

Uaireanta scaoiltear rónta ar ais san fharraige anseo, rónta a shábháileann Tearmann Rónta na hÉireann agus a dtugann siad aire dóibh go mbíonn siad níos fearr. Cuirtear fearas rianaithe ar na rónta agus ansin faighimid amach faoi na háiteanna a dtéann na rónta. Tá siad in ann dul chomh fada le hAlbain in aon lá amháin!

Tagann dhá speiceas rónta, rónta glasa agus rónta beaga, suas ar an trá nuair a bhíonn an taoide ard. De bharr ró-iascaireachta tá níos lú éisc ar fáil anois do na rónta agus mar sin maireann siad gar dá chéile in áiteanna a mbíonn siad in ann teacht ar bhia. Mura bhfeiceann tú na rónta, is féidir leat a dhéanamh amach cá raibh siad de bharr na marcanna a fhágann siad sa ghaineamh agus iad á dtarraingt féin suas ar an trá.

Tagann eolaithe eile anseo chun staidéar a dhéanamh ar an oileán. Tá Fiona Devaney ag déanamh staidéar ar an uisce sa riasc fearnóige go bhfeicfidh sí an t-uisce farraige nó fionnuisce atá ann. Tá na plandaí a bhíodh ag fás anseo ag imeacht in éag agus sin é an fáth a bhfuil Fiona ag scrúdú na cúise a bhfuil sé sin ag tarlú.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD08

leanúint →

Caithim cuid de mo lá san ionad léirmhíniúcháin le grúpaí scoile a thagann chun eolas a fháil maidir leis an oileán.

Tá tancanna uisce farraige anseo chomh maith le cur i láthair eolais do chuairteoirí. Tugaim cainteanna agus seónna sleamhnán do scoileanna agus do ghrúpaí eile a mbíonn spéis acu ann.

Déanann roinnt de na grúpaí a thagann tionscnaimh iontacha ar an oileán. Léiríonn an pictiúr thíos tionscnamh aon ghrúpa amháin.

Is áit iontach é an t-oileán. Tá sé ríthábhachtach mar ghnáthóg nó mar bhaile do na héin agus do na plandaí a mhaireann anseo, agus is áit iontach atá ann freisin chun foghlaim faoin dúlra agus faoin imshaol. B'fhéidir go dtabharfaidh tú cuairt air lá éigin!